2026/529

5.3.2026

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (CBES) 2026/529 ÓN gCOMHAIRLE

an 5 Márta 2026

lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2014/450/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSúdáin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 31(2) de,

Ag féachaint do Chinneadh 2014/450/CBES ón gComhairle an 10 Iúil 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSúdáin agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2011/423/CBES [1], agus go háirithe Airteagal 6 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 10 Iúil 2014, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2014/450/CBES.

(2) An 24 Feabhra 2026, chuir Coiste Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, arna bhunú de bhun Rún 1591 (2005) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe ceathrar le liosta na ndaoine atá faoi réir bearta sriantacha.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2014/450/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/450/CBES i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 5 Márta 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

N. IOANNIDES

[1] IO L 203, 11.7.2014, lch. 106, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2014/450/oj.

IARSCRÍBHINN

Cuirtear na hiontrálacha seo a leanas leis an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/450/CBES:

'7. **GEDO Hamdan Ahmed**

Ailias: Abu Nashuk

Ainmniú: Ceannasaí ar stráice Darfur Thuaidh de na Fórsaí Mear-Thacaíochta.

Náisiúntacht: An tSúdáin.

Inscne: Fireann.

Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: An 24 Feabhra 2026.

An chúis lena liostú:

Liostaíodh Gedo Hamdan Ahmed an 24 Feabhra 2026 de bhun mhír 3(c) de rún 1591 (2005).

Faisnéis ó insint achomair na gcúiseanna lena liostú a chuir an Coiste Smachtbhannaí ar fáil:

Tá Gedo Hamdan Ahmed, nó Abu Nashuk, Leifteanant-Ghinearál agus Leas-Cheannasaí na bhFórsaí Mear-Thacaíochta, á ainmniú toisc é a bheith ag gabháil do ghníomhaíochtaí nó beartais lena gcuirtear síocháin, slándáil agus cobhsaíocht Darfur i mbaol, lena n-áirítear gníomhartha foréigin agus sáruithe ar chearta an duine. Bhí Abu Nashuk ar dhuine de sheisear ginearál de chuid na bhFórsaí Mear-Thacaíochta a bhí i láthair in El Fasher, Darfur Thuaidh an 26 Deireadh Fómhair 2025 agus chonacthas é i bhfíseán in éineacht le Abdul Rahim Hamdan Dagalo, Leas-Cheannasaí na bhFórsaí Mear-Thacaíochta. Ar an dáta sin, rinne na Fórsaí Mear-Thacaíochta ainghníomhartha lena n-áirítear ollmharuithe sibhialtach ag ollscoil El Fasher agus ag ospidéal Sádaí, chomh maith le heachtraí lámhaigh ar an taobh thiar thuaidh de Darfur. Áiríodh san fhoréigean in El Fasher freisin básuithe Zaghawa agus grúpaí neamh-Arabacha eile a bhí spriocdhírithe ar bhonn eitneach. Tá tuairiscí ann maidir le foréigean gnéasach forleathan lena n-áirítear éigniú droinge os comhair gaolta, agus foréigean gnéasach inscnebhunaithe eile. Tuairiscítear go bhfuil foirne leighis á gcoinneáil ina ngialla ag trúpaí na bhFórsaí Mear-Thacaíochta i gcomhair airgead fuascailte, agus ceathrar dochtúirí, cógaiseoir agus altra fuadaithe acu le haghaidh airgead fuascailte os cionn $150 000. Tuairiscítear go bhfuil 70 000 duine easáitithe mar gheall ar na himeachtaí in El Fasher ó bhí an 26 Deireadh Fómhair 2025 ann, agus sibhialtaigh fós sáinnithe nó ar iarraidh, nó á gcoinneáil laistigh den chathair ag na Fórsaí Mear-Thacaíochta.

8. **DAGALO, Abdul Rahim Hamdan**

Ainmniú: Leas-Cheannaire na bhFórsaí Mear-Thacaíochta.

Dáta breithe: An 1 Eanáir 1972.

Áit bhreithe: Cartúm, an tSúdáin.

Náisiúntacht: An tSúdáin.

Inscne: Fireann.

Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: An 24 Feabhra 2026.

An chúis lena liostú:

Liostaíodh Abdul Rahim Hamdan Dagalo an 24 Feabhra 2026 de bhun mhír 3(c) de rún 1591 (2005).

Faisnéis ó insint achomair na gcúiseanna lena liostú a chuir an Coiste Smachtbhannaí ar fáil:

Tá Abdul Rahim Hamdan Dagalo, Leas-Cheannasaí na bhFórsaí Mear-Thacaíochta agus deartháir cheannasaí na bhFórsaí Mear-Thacaíochta, Mohamed Hamdan "Hemedti" Dagalo, á ainmniú toisc é a bheith ag gabháil do ghníomhaíochtaí nó beartais lena gcuirtear síocháin, slándáil agus cobhsaíocht Darfur i mbaol, lena n-áirítear gníomhartha foréigin agus sáruithe ar chearta an duine. Sainaithníodh go raibh Dagalo i láthair ag bunáit an 6ú Rannóg de Choisithe Fórsaí Armtha na Súdáine in El Fasher, Darfur Thuaidh an 26 Deireadh Fómhair 2025, agus go ndearna sé maoirseacht ar oibríochtaí ar an lá a ghlac na Fórsaí Mear-Thacaíochta seilbh ar El Fasher. Léirítear i bhfíseáin, ina gcreidtear gurb é Dagalo atá le feiceáil ann, é ag tabhairt orduithe díreacha dá throdaithe gan cimí a ghlacadh ach gach duine a mharú. Cuireadh i leith Dagalo roimhe seo go raibh ról lárnach aige i gcuid mhaith de na hionsaithe a rinne an t-arm agus na Fórsaí Mear-Thacaíochta i réigiúin teorann na Súdáine, agus meastar gurb é an ceannasaí é ar rialú na bhFórsaí Mear-Thacaíochta. An 26 Deireadh Fómhair, rinne na Fórsaí Mear-Thacaíochta ainghníomhartha lena n-áirítear ollmharuithe sibhialtach ag ollscoil El Fasher agus ag ospidéal Sádaí, chomh maith le heachtraí lámhaigh ar an taobh thiar thuaidh de Darfur. Áiríodh san fhoréigean in El Fasher freisin básuithe Zaghawa agus grúpaí neamh-Arabacha eile a bhí spriocdhírithe ar bhonn eitneach. Tá tuairiscí ann maidir le foréigean gnéasach forleathan lena n-áirítear éigniú droinge os comhair gaolta, agus foréigean gnéasach inscnebhunaithe eile. Tuairiscítear go bhfuil foirne leighis á gcoinneáil ina ngialla ag trúpaí na bhFórsaí Mear-Thacaíochta i gcomhair airgead fuascailte, agus ceathrar dochtúirí, cógaiseoir agus altra fuadaithe acu le haghaidh airgead fuascailte os cionn $150 000. Tuairiscítear go bhfuil 70 000 duine easáitithe mar gheall ar na himeachtaí in El Fasher ó bhí an 26 Deireadh Fómhair 2025 ann, agus sibhialtaigh fós sáinnithe nó ar iarraidh, nó á gcoinneáil laistigh den chathair ag na Fórsaí Mear-Thacaíochta.

9. **Al-FATEH, Abdullah Idris**

Ailias: Abu Lulu

Ainmniú: Briogáidire-Ghinearál na bhFórsaí Mear-Thacaíochta.

Náisiúntacht: An tSúdáin.

Inscne: Fireann.

Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: An 24 Feabhra 2026.

An chúis lena liostú:

Liostaíodh Al-Fateh Abdullah Idris an 24 Feabhra 2026 de bhun mhír 3(c) de rún 1591 (2005).

Faisnéis ó insint achomair na gcúiseanna lena liostú a chuir an Coiste Smachtbhannaí ar fáil:

Tá Al-Fateh Abdullah Idris, ar a dtugtar Abu Lulu, Briogáidire-Ghinearál na bhFórsaí Mear-Thacaíochta, á ainmniú toisc é a bheith ag gabháil do ghníomhaíochtaí nó beartais lena gcuirtear síocháin, slándáil agus cobhsaíocht Darfur i mbaol, lena n-áirítear gníomhartha foréigin agus sáruithe ar chearta an duine. An 26 Deireadh Fómhair, rinne na Fórsaí Mear-Thacaíochta ainghníomhartha lena n-áirítear ollmharuithe sibhialtach ag ollscoil El Fasher agus ag ospidéal Sádaí, chomh maith le heachtraí lámhaigh ar an taobh thiar thuaidh de Darfur. Tugtar "Búistéir El Fasher" ar Abu Lulu, arbh é ba mhó ba chúis leis an bhforéigean in El Fasher an 26 Deireadh Fómhair. Thug sé orduithe dá ghiollaí daoine neamhurchóideacha a mharú, agus tá físeáin ann ina léirítear sibhialtaigh á gcur chun báis aige agus é ag déanamh gaisce as breis is 2 000 duine a mharú. Ba iad na Fórsaí Mear-Thacaíochta iad féin a thaifead agus a thug poiblíocht do roinnt físeán, agus tá físeáin déanta ag Abu Lulu é féin ina bhfuil daoine á marú aige agus trócaire á hagair acu, meangadh gáire ar a aghaidh aige, chomh maith le físeáin ina ndéanann sé básuithe spriocdhírithe ar bhonn eitneach. Léirítear sna físeáin fir neamharmtha á lámhach aige agus é i mbun gaisciúlachta i measc choirp na ndaoine a mharaigh sé. Tuairiscítear go bhfuil 70 000 duine easáitithe mar gheall ar na himeachtaí in El Fasher ó bhí an 26 Deireadh Fómhair 2025 ann, agus sibhialtaigh fós sáinnithe nó ar iarraidh, nó á gcoinneáil laistigh den chathair ag na Fórsaí Mear-Thacaíochta.

10. **MOHAMED, Tijani Ibrahim Moussa**

Ailias: Al Zeir Salem

Ainmniú: Ceannasaí allamuigh na bhFórsaí Mear-Thacaíochta.

Náisiúntacht: An tSúdáin.

Inscne: Fireann.

Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: An 24 Feabhra 2026.

An chúis lena liostú:

Liostaíodh Tijani Ibrahim Moussa Mohamed an 24 Feabhra 2026 de bhun mhír 3(c) de rún 1591 (2005).

Faisnéis ó insint achomair na gcúiseanna lena liostú a chuir an Coiste Smachtbhannaí ar fáil:

Tá Tijani Ibrahim Moussa Mohamed (Al Zeir Salem), ceannasaí allamuigh na bhFórsaí Mear-Thacaíochta, á ainmniú toisc é a bheith ag gabháil do ghníomhaíochtaí nó beartais lena gcuirtear síocháin, slándáil agus cobhsaíocht Darfur i mbaol, lena n-áirítear gníomhartha foréigin agus sáruithe ar chearta an duine. Sainaithníodh go raibh Al Zeir Salem i láthair ag bunáit an 6ú Rannóg de Choisithe Fórsaí Armtha na Súdáine in El Fasher, Darfur Thuaidh an 26 Deireadh Fómhair 2025, lá gabhála cumhachta na bhFórsaí Mear-Thacaíochta. Bhí sé le feiceáil freisin i bhfíseán ar an dáta sin agus é ag labhairt le grúpa mór daoine faoi choimeád a raibh éadaí sibhialtacha á gcaitheamh acu. Ar an dáta sin, rinne na Fórsaí Mear-Thacaíochta ainghníomhartha lena n-áirítear ollmharuithe sibhialtach ag ollscoil El Fasher agus ag ospidéal Sádaí, chomh maith le heachtraí lámhaigh ar an taobh thiar thuaidh de Darfur. Áiríodh san fhoréigean in El Fasher freisin básuithe Zaghawa agus grúpaí neamh-Arabacha eile a bhí spriocdhírithe ar bhonn eitneach. Tá tuairiscí ann maidir le foréigean gnéasach forleathan lena n-áirítear éigniú droinge os comhair gaolta, agus foréigean gnéasach inscnebhunaithe eile. Tuairiscítear go bhfuil foirne leighis á gcoinneáil ina ngialla ag trúpaí na bhFórsaí Mear-Thacaíochta i gcomhair airgead fuascailte, agus ceathrar dochtúirí, cógaiseoir agus altra fuadaithe acu le haghaidh airgead fuascailte os cionn $150 000. Tuairiscítear go bhfuil 70 000 duine easáitithe mar gheall ar na himeachtaí in El Fasher ó bhí an 26 Deireadh Fómhair 2025 ann, agus sibhialtaigh fós sáinnithe nó ar iarraidh, nó á gcoinneáil laistigh den chathair ag na Fórsaí Mear-Thacaíochta'.